Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 11 Feabhra 2022
(OR. en)

6028/22
ADD 1

LIMITE

AGRI 41
CODEX 3
FAO 6
SAN 71
VETER 8
SUSTDEV 27
CONUN 34
RELEX 144
WTO 14
FOOD 11
PHYTOSAN 6
ENV 103
CLIMA 56

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5405/1/22 REV 2 |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le tiomantas an Aontais do Codex Alimentarius uaillmhianach, agus é feiliúnach do na dúshláin atá ann anois agus a bheidh ann amach anseo<br>– Formheas |

**DRÉACHT**

**Conclúidí ón gComhairle**

**Tiomantas an Aontais do Codex Alimentarius uaillmhianach, agus é feiliúnach do na dúshláin atá ann anois agus a bheidh ann amach anseo**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:**

Á MHEABHRÚ DI:

- Conclúidí ón gComhairle an 26 Bealtaine 2021 maidir le tosaíochtaí an Aontais do Chruinniú Mullaigh 2021 na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bhia (9335/21);

- Conclúidí ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' (12099/20);

- Conclúidí ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal 'Bithéagsúlacht – an gá atá le gníomh práinneach' (12210/20);

- Conclúidí ón gComhairle an 17 Meitheamh 2019 dar teideal 'Gníomhaíocht an Aontais chun an t-iltaobhachas riailbhunaithe a neartú' (10341/19);

- Conclúidí ón gComhairle an 8 Iúil 2019 dar teideal 'Ag tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ar fud an domhain' (10997/19);

- Conclúidí ón gComhairle an 25 Samhain 2019 maidir leis an gCeathrú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn i ndáil leis an bPlean Gníomhaíochta um Chothú (14457/19);

- Conclúidí ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 dar teideal 'Eoraip inbhuanaithe a thógáil faoi 2030 – An dul chun cinn go dtí seo agus na chéad chéimeanna eile' (14835/19);

**RÓL STRAITÉISEACH AN CODEX ALIMENTARIUS**

1. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an ról uathúil ríthábhachtach atá ag Codex Alimentarius mar Chlár comhpháirteach FAO[1]/EDS[2] um Chaighdeáin Bhia chun sláinte tomhaltóirí a chosaint, agus chun cleachtais chothroma i dtrádáil bia a chur chun cinn, agus an Coimisiún Codex Alimentarius ina phríomhchomhlacht rialaithe aige;

2. Is DÍOL SÁSAIMH DI na torthaí suntasacha a bhain an Codex Alimentarius amach agus AITHNÍONN SÍ GO hIOMLÁN tábhacht leanúnach agus ábharthacht dhomhanda na gcaighdeán agus a ghlac an Coimisiún Codex Alimentarius, ar caighdeáin agus treoirlínte iad atá bunaithe ar chomhthoil;

3. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR an comhar fadtéarmach agus bisiúil atá ag an Aontas[3] le gach comhalta den Choimisiún Codex Alimentarius, atá fós chomh tábhachtach céanna don Aontas chun comhar éifeachtach riailbhunaithe iltaobhach a chur chun cinn agus a neartú agus chun trádáil idirnáisiúnta a éascú, agus an tAontas ar cheann de phríomh-allmhaireoirí agus de phríomh-onnmhaireoirí bia an domhain;

4. ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas láidir an Aontais, ag tarraingt ar a shaineolas cuimsitheach i réimse na sábháilteachta bia agus i gcosaint leasanna na dtomhaltóirí, leanúint de rannchuidiú éifeachtach a dhéanamh leis an Codex Alimentarius i ngach aon ghné de, agus lánurraim á tabhairt do na cearta agus do na hoibleagáidí a d'eascair as aontachas an Aontais leis an gCoimisiún Codex Alimentarius in 2003[4];

5. MEABHRAÍTEAR DI tiomantas leanúnach an Aontais, lena n-áirítear mar phríomh-ranníocóir le Ciste Iontaobhais Codex Alimentarius FAO/EDS, chun rannpháirtíocht na dtíortha i mbéal forbartha agus na dtíortha a bhfuil a ngeilleagair ag aistriú i ngníomhaíochtaí Codex Alimentarius a éascú; i ndáil leis an méid sin, ATHDHEARBHAÍONN SÍ an mian láidir atá ag an Aontas leanúint dá shaineolas, dá eolas agus dá thaithí a roinnt leis na tíortha sin, agus tacú le gníomhaíochtaí forbartha acmhainneachta ina gcomhthéacsanna náisiúnta féin, lena n-áirítear tríd an gclár 'Oiliúint Níos Fearr le haghaidh Bia Níos Sábháilte' agus trí Chlár an AE maidir le 'Oiliúint Níos Fearr le haghaidh Bia Níos Sábháilte' agus trí Chlár an AE maidir le SPSanna;

---

1 Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe.

2 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte.

3 Ó thús deireadh an doiciméid seo, ní táscaire í úsáid 'AE' ar cé acu ag an Aontas, ag an Aontas agus a Bhallstáit, nó ag Ballstáit an Aontais go heisiach atá an inniúlacht.

4 2003/822/CE: Cinneadh ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le haontachas an Chomhphobail Eorpaigh leis an gCoimisiún Codex Alimentarius (IO L 309, 26.11.2003, lch. 14).

**UAILLMHIAN CODEX ALIMENTARIUS A CHÓINEASÚ LEIS AN gCLÁR OIBRE DOMHANDA INBHUANAITHEACHTA**

6. ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas iomlán an Aontais Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ a dhiongbháilte atá an tAontas oibriú lena chomhpháirtithe uile chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo córais bia inbhuanaithe a thógáil lena n-áiritheofar cumas marthanach an domhain bia sábháilte, cothaitheach agus inacmhainne a sholáthar do chách laistigh dár dteorainneacha pláinéadacha;

7. I ndáil leis an méid sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an móiminteam a cruthaíodh le Cruinniú Mullaigh 2021 na Náisiún Aontaithe maidir le claochlú na gcóras bia agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chórasacha idirnasctha atá roimh na córais bia, agus TACAÍONN SÍ leis an obair leantach a rinne an Cruinniú Mullaigh trí ghníomhaíocht chomhpháirteach ar gach leibhéal, agus trí chomhar neartaithe i bhfóraim iltaobhacha agus i gcomhlachtaí idirnáisiúnta maidir le caighdeáin a leagan síos;

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR ionchais na dtomhaltóirí maidir le sláinte, bia agus cothú, agus béim mhéadaitheach ag teacht ar dhul i ngleic leis an gcóras bia ina iomláine, agus ar mhargadh níos cothroime a thógáil do bhia ar fud an domhain ina dtugtar aitheantas agus luaíocht chuí do na hiarrachtaí inbhuanaitheachta atá á ndéanamh ag táirgeoirí bia;

9. ADMHAÍONN SÍ an timpeallacht atá ag teacht chun cinn ina n-oibríonn Codex Alimentarius agus a thábhachtaí atá sé freagairt ar bhealach réamhghníomhach agus tráthúil ar shaincheisteanna reatha atá ag teacht chun cinn, i gcomhréir le Plean Straitéiseach Codex Alimentarius, 2020-2025;

10. ADMHAÍONN SÍ gur tábhachtach an méid a chuireann an Coimisiún Codex Alimentarius, in éineacht leis an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE) agus leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí (IPPC), mar chláir dhomhanda maidir le caighdeáin a leagan síos a d’aithin Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm, leis an gclár oibre domhanda inbhuanaitheachta le caighdeáin idirnáisiúnta bunaithe ar eolaíocht agus ar fhianaise;

11. I ndáil leis an méid sin, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS tiomantas an Aontais cur go gníomhach le hobair Codex Alimentarius chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide, le cailliúint na bithéagsúlachta, le leathadh na frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (AMR) agus leis an méadú ar ghalair neamhtheagmhálacha, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR toilteanas láidir an Aontais scrúdú a dhéanamh, in éineacht lena chomhpháirtithe, ar na bealaí pragmatacha uile chun breithnithe inbhuanaitheachta a chomhtháthú san obair a dhéanann an Coimisiún Codex Alimentarius; i ndáil leis an méid sin, ADMHAÍONN SÍ go bhfuil an cur chuige seo ag teacht go hiomlán leis na gealltanais inbhuanaitheachta a rinne comhaltaí Codex Alimentarius i bhfóraim idirnáisiúnta eile nó i bpróisis iltaobhacha eile;

12. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé an cur chuige Aon Sláinte Amháin a neartú maidir leis an gcóras bia ina iomláine, lena n-áirítear trí chomhar neartaithe idir OIE, IPPC agus an Coimisiún Codex Alimentarius, chun an nasc córasach idir sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí agus cosaint an chomhshaoil a chur san áireamh go cuí; i ndáil leis sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an nuashonrú leanúnach ar straitéisí sábháilteachta bia FAO agus EDS, lena n-admhaítear go cuí an nasc idir sábháilteacht bia agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe mar aon leis an tábhacht a bhaineann leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin a chur i bhfeidhm tríd an bpróiseas anailíse riosca;

13. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR go bhféadfadh anailísí agus sonraí a bhaineann le breithnithe inbhuanaitheachta, amhail cosaint an chomhshaoil agus le leas ainmhithe, an measúnú riosca atá á dhéanamh faoi láthair ag comhchoistí saineolaithe comhpháirteacha FAO/EDS a chomhlánú ar bhealach úsáideach;

14. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhféadfaí bonn eolaíoch na gcaighdeán Codex Alimentarius a threisiú trí chumarsáid agus comhar feabhsaithe idir comhlachtaí measúnaithe riosca FAO/EDS agus comhlachtaí saineolaithe idirnáisiúnta nó réigiúnacha eile;

15. ADMHAÍONN SÍ GO hIOMLÁN an ról ábhartha is féidir leis an gCoimisiún Codex Alimentarius a imirt i gcur chun cinn foinsí nua bia agus córas táirgthe bia a d'fhéadfadh cur leis an aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe, i gcomhréir leis an uaillmhian atá ann aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn, mar a leagtar amach i bPlean Straitéiseach an Codex Alimentarius, 2020-2025;

**MODHANNA AGUS CLEACHTAIS OIBRE CODEX ALIMENTARIUS ATÁ FEILIÚNACH DO NA DÚSHLÁIN ATÁ ANN ANOIS AGUS A BHEIDH ANN AMACH ANSEO**

16. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go dtacaíonn an tAontas go láidir leis na bunphrionsabail atá mar bhonn le hobair Codex Alimentarius, lena n-áirítear cinnteoireacht atá bunaithe ar chomhthoil chun úsáid éifeachtach domhanda agus tionchar éifeachtach domhanda na gcaighdeán bia a ghlac an Coimisiún Codex Alimentarius a áirithiú;

17. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé an Coimisiún Codex Alimentarius agus a fhochomhlachtaí a bheith ag seasamh le cur chuige comhtháite bainistithe riosca ina bpróiseas cinnteoireachta lena dtugtar aird chuí ar na gnéithe ábhartha uile agus lena rannchuidítear le cur chuige Aon Sláinte Amháin a cheapadh;

18. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil sé ríthábhachtach modheolaíocht eolaíoch atá cothrom le dáta a chothabháil chun measúnú riosca a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh tús áite ag an Codex Alimentarius agus caighdeáin bhia á leagan síos; i ndáil leis an méid sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart féachaint ar mhodheolaíochtaí nuálacha maidir le measúnú riosca, agus measúnú tionchair ar chaighdeáin bia, chun gur fusa a bheidh sé na disciplíní eolaíocha uile a bhaineann le córais bia laistigh de ghníomhaíocht Codex Alimentarius chun caighdeáin a shocrú a bhreithniú;

19. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról ríthábhachtach atá ag an gCoimisiún Codex Alimentarius ó thaobh chomhordú na hoibre socraithe caighdeán bia go léir a dhéanann eagraíochtaí idirnáisiúnta agus idir-rialtasacha a chur chun cinn; i ndáil leis an méid sin, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé cur in iúil cuí a áirithiú leis an obair a rinne Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE), an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO);

20. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbainfidh an Coimisiún Codex Alimentarius leas iomlán as acmhainneacht a fhochomhlachtaí an próiseas cinnteoireachta a ullmhú ar bhealach cuimsitheach trédhearcach; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR i ndáil leis sin:

- bunfheidhm an Choiste Feidhmiúcháin Codex (CCEXEC) agus athbhreithniú criticiúil á dhéanamh aige ar mholtaí arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin Codex Alimentarius maidir le caighdeáin a fhorbairt;

- ábharthacht agus tábhacht obair an Choiste Codex um Prionsabail Ghinearálta (CCGP) agus é ag déileáil le hábhair nós imeachta agus le hábhair ghinearálta a chuireann an Coimisiún Codex Alimentarius ar aghaidh chuige, agus ar an gcaoi sin, rannchuidiú leis na cleachtais oibre is fearr is féidir a áirithiú don Codex Alimentarius;

21. TACAÍONN SÍ le gníomhaíochtaí nua a dhéanamh chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as caighdeáin Codex Alimentarius atá ann cheana, go háirithe i gcomhthéacs an Phlean Straitéisigh Codex Alimentarius, 2020-2025;

22. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá measúnú cuí a dhéanamh ar thograí le haghaidh obair nua i bhfianaise na gcritéar chun tosaíochtaí oibre a bhunú, go háirithe an critéar maidir le 'cumas caighdeánú', d'fhonn tacaíocht leathan ón mballraíocht a áirithiú;

23. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart glacadh na gcaighdeán Codex Alimentarius trí chomhthoil a bheith mar phríomhchuspóir; AITHNÍONN SÍ a dheacra atá sé don Choimisiún Codex Alimentarius aghaidh a thabhairt go cuí ar chásanna ina bhfuil éagsúlacht mhór tuairimí de bharr tosca agus breithnithe dlisteanacha eile[5] atá le cur san áireamh; MOLANN SÍ, i ndáil leis an méid sin, gur cheart don Choimisiún Codex Alimentarius comhthuiscint a lorg maidir leis na roghanna atá ann chun ligean dá chomhaltaí staonadh ó ghlacadh le caighdeán;

---

[5] De réir reachtaíocht an Aontais, áirítear ar na breithnithe sin gnéithe sochaíocha, eacnamaíocha, traidisiúnta, eiticiúla agus comhshaoil agus indéantacht rialuithe (féach *Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia*).

24. ADMHAÍONN SÍ na hiarrachtaí móra a rinne an Coimisiún Codex Alimentarius chun leanúnachas a chuid oibre a áirithiú le linn phaindéim COVID-19; TACAÍONN SÍ leis an machnamh leanúnach ar conas leas iomlán a bhaint as an taithí a fuarthas le linn phaindéim COVID-19, lena n-áirítear maidir le modhanna nua oibre agus socruithe cruinnithe an Choimisiúin Codex Alimentarius agus a chuid fochomhlachtaí, agus maidir leis an ngá atá le machnamh a dhéanamh ar na nósanna imeachta agus na rialacha a choigeartú dá réir sin, agus ina leith sin, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS tiomantas an Aontais chun cur leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Codex Alimentarius leanúint de bheith ina eagraíocht lúfar athléimneach;

25. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé go gcuirfeadh FAO agus EDS acmhainní leordhóthanacha riaracháin agus airgeadais ar fáil, óna bpríomhbhuiséid más féidir, do ghníomhaíochtaí shainchomhlachtaí comhpháirteacha FAO/EDS a thacaíonn leis an Codex Alimentarius; i ndáil leis sin, ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas an Aontais a chuid eolais agus saineolais a chur ar fáil sa réimse áirithe seo, lena n-áirítear trí chomhar feabhsaithe idir an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) agus sainchomhlachtaí comhpháirteacha FAO/EDS;

**COMHAR ÉIFEACHTACH LEANÚNACH AN AONTAIS MAIDIR LEIS AN CODEX ALIMENTARIUS**

26. Tugann SÍ DÁ hAIRE AGUS IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil comhar láidir rathúil forbartha ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún Eorpach, le scór bliain anuas ó aontachas an Aontais leis an gCoimisiún Codex Alimentarius in 2003, i ndáil le hábhair a bhaineann le Codex d’fhonn ionchur cuí-chomhordaithe a chur ar fáil ón Aontas maidir le hobair Codex Alimentarius;

27. MOLANN SÍ do na Ballstáit agus don Choimisiún Eorpach féidearthachtaí a fhiosrú, i gcás inarb iomchuí, chun feabhas a chur ar éifeachtacht an Aontais sna sraitheanna éagsúla d’obair an Codex Alimentarius, lena n-áirítear trí liosta d’ábhair tosaíochta a mholadh a bhféadfadh an tAontas a bhrú ar aghaidh i gcomhthéacs an Codex Alimentarius, agus measúnú a dhéanamh ar an raon roghanna agus uirlisí is féidir leis an Aontas a úsáid chun seasamh a ghlacadh ó thaobh caighdeáin Codex Alimentarius a ghlacadh, ag aithint dóibh go bhféadfadh bealaí cuir chuige rialála éagsúla dlisteanacha a bheith ag comhaltaí eile Codex Alimentarius agus iad sin curtha in oiriúint dá gcomhthéacs náisiúnta nó réigiúnach féin;

28. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé a áirithiú go bhfuil na Ballstáit agus an Coimisiún Eorpach ag cur go leordhóthanach le hobair choistí saineolaithe FAO/EDS, agus an gá atá le saineolas agus acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil chuige sin;

29. MOLANN SÍ comhoibriú neartaithe idir an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus Rúnaíochtaí Chomhchoistí Saineolaithe FAO/EDS a thacaíonn le hobair an Choimisiúin Codex Alimentarius;

30. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh dlúthchomhar leanúnach ann idir an tAontas agus na comhaltaí eile den Choiste Comhordaithe Codex Alimentarius don Eoraip (CCEURO); ós amhlaidh atá, IS DÍOL SÁSAIMH DI iarrthóireacht na Gearmáine do chéad comhordaitheoir eile CCEURO;

31. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil sé tábhachtach i gcónaí go leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach, ar bhealach comhbheartaithe, le comhaltaí uile an Choimisiúin Codex Alimentarius d'fhonn muinín fhrithpháirteach a fheabhsú agus chun dlúthchomhar a chur chun cinn; chuige sin, MOLANN SÍ do na Ballstáit agus don Choimisiún Eorpach leanúint de na hiarrachtaí for-rochtana agus, nuair is gá, iad a neartú.